NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Ceardlann **FÓCAS AR AN BHFOGHLAIM**

# 03 AISEOLAS **FOIRMITHEACH**

# Nóta chuig Éascaitheoirí

## Cad é aidhm an leabhráin seo?

Is cuid é seo de thacar cheithre leabhrán atá ceaptha chun cleachtas measúnaithe do mhúinteoirí in Éirinn a fhorbairt. Cé gur le haghaidh múinteoirí atá bainteach le foráis sa tsraith shóisearach é, is féidir an t-ábhar agus na cuir chuige a úsáid trasna na n-earnálacha ar fad. Tá sé beartaithe go n-úsáidfí an tacar leabhrán agus na hábhair a bhaineann leo ar dhóigh sholúbtha a ligeann do mhúinteoirí réimse cuir chuige a thriail a chabhróidh leo cur chuige comhleanúnach a fhorbairt i leith an mheasúnaithe.

## Conas a úsáidtear an leabhrán seo?

Is féidir le scoileanna a roghnú conas an t-ábhar a úsáid agus a oiriúnú ar bhealach ar bith a fhóireann dá gcomhthéacs féin. Moltar go dtosófá leis an **láithreoireacht sleamhnán**. Is féidir ansin gur cabhair é na céimeanna a leanúint atá tugtha thíos, sin nó is féidir leat do phlean ceardlainne féin a fhorbairt. Tá na hacmhainní seo dírithe ar phlé a éascú idir an fhoireann scoile go huile agus ar bhonn ábhair araon. Sa chás gur féidir, mholfaimis go n-úsáidfí an t-ábhar ar bhonn na scoile uile mar go léiríonn fianaise taighde gur dócha go leabóidh athruithe i gcleachtas measúnaithe má thugtar isteach iad ar bhonn córasach trasna na scoile uile.

**Má tá tú rún agat ceardlann a éascú le baill foirne, breathnaigh ar dtús ar Threoir an Éascaitheora is féidir a íoslódáil ag** www.juniorcycle.ie/assessment

## Céim 1

Is féidir an láithreoireacht sleamhnán a úsáid chun príomhsmaointe faoin *aiseolas* a chur i láthair grúpa iomlán foirne. Tá roinnt leideanna sa sleamhnán deireanach den láithreoireacht le haghaidh plé foirne bunaithe ar phríomhtheachtaireachtaí na láithreoireachta.

## Céim 2

Tar éis na láithreoireachta, moltar go mbreathnódh an fhoireann ar Geoff Petty agus go ndéanfadh siad plé air agus é ag míniú an chineáil eolais a chaithfidh scoláirí a fháil ina gcuid aiseolais.

**Geoff Petty 'Medals and Missions'**
(1 nóim. 22)

Féadfaidh siad freisin breathnú ar fhíseán gearr Dylan Wiliam agus plé a dhéanamh air ina míníonn sé roinnt de na comharthaí sóirt a bhaineann le haiseolas maith.

**Dylan William 'Feedback on Learning'**
(3 nóim. 17)

## Bileoga oibre

Úsáidtear an tsiombail seo a leanas ar fud an leabhráin chun gníomhaíochtaí a thaispeáint is féidir a fhótachóipeáil le haghaidh a n-úsáide i gceardlann.

**Leidcheisteanna le haghaidh plé foirne:**

Is é an chríoch a chuireann Geoff Petty lena fhíseán:

> *'It's information rather than grades that students require in order to improve'.*

I bhfíseán Dylan Wiliam, deir seisean:

> *'There are lots of different ways of looking at feedback, but a very important way of looking at feedback is whether its ego involving or task involving…And what the research shows very clearly is that ego involving feedback is rarely effective and, in fact, can lower achievement.'*

Críochnaíonn seisean á rá:

> *'What we need to do is to give students feedback that helps them move forward. Give them feedback that makes it clear that ability is incremental rather than fixed.'*

**Pléigh conas a bhaineann na ráitis sin le do thaithí agus le do chleachtas féin. Cad iad na tairbhí agus na dúshláin a bhaineann le níos mó aiseolais a thabhairt agus níos lú grád?**



## Céim 3

Ag leanúint ón bplé sin is féidir anois na hábhair cheardlainne sa leabhrán seo a iniúchadh. Is féidir breathnú ar na gníomhaíochtaí seo agus dul ina gceann in aon ord a oireann do chomhthéacs na scoile, agus ní gá ná níl sé ceaptha go dtabharfaí fúthu san ord ina léirítear iad sa leabhrán seo.

## Céim 4

Priontáil amach na pléchártaí agus na póstaeir. Is féidir iad sin a úsáid chun tuilleadh caibidle agus smaointeoireachta a spreagadh nó tig iad a chur ar taispeáint ar fud na scoile chun na príomhtheachtaireachtaí a dhaingniú agus chun cabhrú leis an bhfoireann a gcleachtas sa réimse sin a fhorbairt a thuilleadh.

Meall an fhoireann chun gaisneas a bhaint as an ábhar atá molta sa rannán léitheoireachta.

## Cén fáth a bhfuil aiseolas tábhachtach?

Mar mhúinteoirí, bímid go léir ag iarraidh foghlaim scoláirí agus gnóthachtáil scoláirí a fheabhsú. Ach conas a bhíonn a fhios againn cad iad na hidirghabhálacha agus na straitéisí is fearr a oibríonn? Is mór an cuidiú é obair John Hattie, Ollamh le hOideachas in Ollscoil Auckland, chun freagra a fháil ar an gceist sin. Ina shaothar cinntitheach '*Visible Learning; a synthesis of over 800 meta-analyses relating to achievement*' (Londain; Routledge, 2009), rinne Hattie anailís ar na mílte píosa difriúla taighde agus d'aimsigh sé na rudaí sin is fearr a oibríonn agus na rudaí, mar sin de, is fiú a dhéanamh más fúinn feabhas a chur ar fhoghlaim scoláirí.

Ba é a bhain sé de thátal as go bhfuil roinnt straitéisí teagaisc ann a dtagann feabhas níos mó ná grád amháin dá mbarr ar fhoghlaim scoláirí. Chruthaigh sé tábla a thaispeánann na modhanna teagaisc sin agus léirítear gurb é an t-aiseolas an rud is tábhachtaí a dtig le múinteoir a dhéanamh chun gnóthachtáil scoláirí a fheabhsú. (Féach sleamhnán 3).

> *The most powerful single moderator that enhances achievement is feedback.* ***The most simple prescription for improving education must be dollops of feedback.*** *This does not mean using many tests and providing over-prescriptive directions. It means providing information about how and why the student understands and misunderstands, and what directions the student must take to improve.*
>
> John Hattie, *Influences on Student Learning*

Tá an t-aiseolas barrthábhachtach chun an fhoghlaim a fheabhsú mar go n-imríonn sé tionchar ar an bhfonn a bhíonn ar scoláirí foghlaim agus ar a gcumas chuige araon.

## Cén chuma a bhíonn ar aiseolas éifeachtach ardchaighdeáin?

Is é a bhíonn i gceist le haiseolas a rá le scoláirí cad é a rinne siad go maith agus cad é a chaithfidh siad a dhéanamh chun feabhsú níos mó. Cuimsíonn sé freisin a chur i gcuimhne do scoláirí cad é a bhí siad ag iarraidh a bhaint amach (na hintinní foghlama). Sa deireadh, tugtar aiseolas ardchaighdeáin i gcónaí le taobh critéir shoiléire agus aontaithe ratha.



# **Gníomhaíocht 1:** Aiseolas Foirmitheach

## Cén chuma a bhíonn ar aiseolas maith?

**01.** Déantar grúpaí de thriúr.

**02.** Cuir thart Bileog Gníomhaíochtaí 1: 'Ráitis Aiseolais'.

**03.** Léann gach grúpa trí na ráitis aiseolais shamplacha agus ansin cinneann mar ghrúpa cé acu atá éifeachtach agus cé acu nach bhfuil.

**04.** Déantar taifead de na cinntí ar an mbileog trí 'É' a chur i ngach bosca ina bhfuil ráiteas aiseolais dearfach. Ina ionad sin, d'fhéadfá an bhileog shórtála a úsáid chun na ráitis aiseolais a chatagóiriú.

**05.** Tugtar 10 nóiméad do ghrúpaí lena bplé agus lena gcinntí a dhéanamh.

**06.** Anois agus sibh ar fad réidh, cé na ráitis a mheas sibh a sholáthair aiseolas éifeachtach ardchaighdeáin? Cé na cinn nach ndearna sin? Cén fáth?

**07.** Tabhair am dóibh chun plé a dhéanamh agus a roghanna a mhíniú.



## Nótaí Éascaitheora

Tá na ráitis 2, 5, 6, 13, 15, 16 agus 17 dearfach agus molann siad obair scoláirí, ach ní aibhsíonn siad go díreach cad a rinne an scoláire go maith ná ní thugann siad aon treoir le haghaidh feabhsúcháin.

Ní thugann cártaí 8 agus 12 go leor treorach don scoláire ar an gcaoi le feabhas a chur ar a gcuid oibre.

Is samplaí iad ráitis 1, 3, 4, 7, 9, 11, 14, 18, 19 agus 20 d'aiseolas foirmitheach ardchaighdeáin, mar go bhfaigheann an scoláire treoir ar an gcaoi le feabhas a chur ar a gcuid oibre.

Tá cárta 10 an-diúltach agus maslach do scoláire.

**Creidiúint:** Tá an ghníomhaíocht seo curtha in oiriúint ó ábhair a d'fhoilsigh CCSM, Tuaisceart Éireann agus táimid buíoch díobh as cead a thabhairt iad a atáirgeadh.

## Gníomhaíocht 1

# Ráitis aiseolais

Machnaigh orthu seo agus ansin ticeáil iad siúd a mheasann tú atá ina samplaí d'aiseolas foirmitheach maith.

| | | |
|---|---|---|
| 01 | Inis dúinn tuilleadh. Cad é leis a bhfuil siad cosúil? Conas a bhogann siad? | ☐ |
| 02 | Réalta óir | ☐ |
| 03 | Mínigh cén fáth a síleann tú é sin | ☐ |
| 04 | Conas a shíleann tú a mhothaigh sé?<br>Feargach nach raibh muinín ag daoine ann?<br>Feargach leis féin as bréaga a insint san am atá thart? | ☐ |
| 05 | Obair ghalánta, shlachtmhar | ☐ |
| 06 | Maith thú féin!! | ☐ |
| 07 | Luaigh tú go soiléir dóigh amháin a dtiocfadh seandálaí ar shuíomh. An bhfuil bealaí eile ann? | ☐ |
| 08 | Forbair na smaointe sin beagán níos mó | ☐ |
| 09 | Mínigh an dreach atá ar a ghnúis | ☐ |
| 10 | Go maith, ach níl sé seo chomh maith le ceann do dhearthár! | ☐ |
| 11 | Cá bhfios duit...? | ☐ |
| 12 | Caithfidh tú iarracht níos mó a dhéanamh | ☐ |
| 13 | An chéad áit sa rang | ☐ |
| 14 | Triail focal acu seo nó ceann de do chuid féin in áit dona – fíochmhar, scáfar, mioscaiseach | ☐ |
| 15 | Léaráid ar dóigh | ☐ |
| 16 | Is scothscoláire thú | ☐ |
| 17 | 10/10 | ☐ |
| 18 | Thaispeáin sé dom gur cara maith é nuair a ... (críochnaigh an abairt seo) | ☐ |
| 19 | Thug tú cur síos an-réalaíoch ar an dochar a dhéanann crith talún. Chun do chuid oibre a fheabhsú, ní mór duit na príomhthéarmaí uile a chur isteach. Amharc siar ar an liosta go bhfeicfidh tú na cinn a d'fhág tú ar lár. | ☐ |
| 20 | Cé na comharthaí de chreimeadh cósta a chonaic tú ar do thuras allamuigh? M.sh. creimeadh carraige, aillte ag titim, damáiste struchtúrtha ar bhallaí, srl. | ☐ |

## Gníomhaíocht 1

# An bhileog shórtála

| Sea | Ní hea |
|---|---|
| | |

# **Gníomhaíocht 2:** Cineálacha leideanna

Agus muid ag iarraidh an bhearna a líonadh idir an áit a bhfuil scoláire agus an áit ar mhaith linn iad bheith ina gcuid foghlama, tá trí chineál leide is féidir a úsáid le haiseolas foirmitheach a chuireann an fhoghlaim chun cinn.

- Bíonn **leid meabhrúcháin** oiriúnach do na scoláirí is éirimiúla

  *'Labhair níos mó faoi conas a d'imir gníomhartha an cheannaire tionchar ar imeachtaí a bhí le teacht'.*

- Déanann **leid scaflála** scafláil ar an bhfoghlaim do scoláirí a bhfuil níos mó ná cur i gcuimhne simplí ag teastáil uathu

  *'Déan cur síos ar rud éigin a tharla nuair a bhuail an laibhe leáite leis an abhainn.'*

- Is féidir le **leid sampla** bheith an-éifeachtach le gach scoláire, go hairithe leis an scoláire ar bheagán cumais

  *'Roghnaigh ceann acu seo nó do cheann féin: ''Is cara maith é mar nach ndeir sé in am ar bith rudaí gránna fúm'', ''Is cara maith é mo chara mar nach n-insíonn sé bréaga riamh.''*

Nuair a bhíonn Gníomhaíocht 1 críochnaithe agaibh, téigí ar ais i bhur ngrúpaí beaga agus déanaigí athbhreithniú ar gach ráiteas, ag cinneadh cé acu ráiteas ar samplaí iad de leideanna meabhrúcháin, scaflála nó sampla. Más mian leat, is féidir an bhileog oibre rangaithe a úsáid chun na samplaí difriúla a chur i ngrúpaí.



# Gníomhaíocht 2

## Cineálacha Aiseolais

**01** Inis dúinn tuilleadh. Cad é leis a bhfuil siad cosúil? Conas a bhogann siad?
**Leid scafláła**

**02** Réalta óir

**03** Mínigh cén fáth a síleann tú é sin
**Leid meabhrúcháin**

**04** Conas a shíleann tú a mhothaigh sé?
Feargach nach raibh muinín ag daoine ann?
Feargach leis féin as bréaga a insint san am atá thart?
**Leid sampla**

**05** Obair ghalánta, shlachtmhar

**06** Maith thú féin!!

**07** Luaigh tú go soiléir dóigh amháin a dtiocfadh seandálaí ar shuíomh. An bhfuil bealaí eile ann?
**Leid meabhrúcháin**

**08** Forbair na smaointe sin beagán níos mó

**09** Mínigh an dreach atá ar a ghnúis
**Leid scafláła**

**10** Go maith, ach níl se chomh maith le ceann do dhearthár!

**11** Cá bhfios duit....?
Eolaíocht m.sh.
**Leid scafláła**

**12** Caithfidh tú iarracht níos mó a dhéanamh

**13** An chéad áit sa rang

**14** Triail focal acu seo nó ceann de do chuid féin in áit dona – fíochmhar, scáfar, mioscaiseach
**Leid sampla**

**15** Léaráid ar dóigh

**16** Is scothscoláire thú

**17** 10/10

**18** Thaispeáin sé dom gur cara maith é nuair a ... (críochnaigh an abairt seo)
**Leid scafláła**

**19** Thug tú cur síos an-réalaíoch ar an dochar a dhéanann crith talún. Chun do chuid oibre a fheabhsú, ní mór duit na príomhthéarmaí uile a chur isteach. Amharc siar ar an liosta go bhfeicfidh tú na cinn a d'fhág tú ar lár.
**Leid meabhrúcháin**

**20** Cé na comharthaí de chreimeadh cósta a chonaic tú ar do thuras allamuigh? M.sh. creimeadh carraige, aillte ag titim, damáiste struchtúrtha ar bhallaí, srl
**Leid sampla**

## Gníomhaíocht 2

# Cineálacha leideanna... Bileog rangaithe

| Leid meabhrúcháin | Leid scaflála | Leid sampla |
|---|---|---|
| | | |

## Gníomhaíocht 3

# Aiseolas... Conas atá ag éirí linn?

Bí ag obair i d'aonar nó le páirtí agus ansin pléigh a fheabhas a d'fhorbair tú do chleachtas ranga maidir le haiseolas foirmitheach a sholáthar.

| Cuir soilse tráchta le do fhreagraí ar na ceisteanna thíos ag úsáid an chóid seo: | I gcónaí | Uaireanta | Riamh |
|---|---|---|---|
| An meabhraím ar an gcineál aiseolas ó bhéal a thugaim do mo scoláire | ○ | ○ | ○ |
| An dtugaim aiseolas a bhaineann leis an intinn foghlama agus na critéir ratha a aontaíodh leis an scoláire | ○ | ○ | ○ |
| An ndírím an t-aiseolas ar líon beag spriocanna ag an am | ○ | ○ | ○ |
| An sainíonn an t-aiseolas an méid atá bainte amach ag scoláirí agus an méid a chaithfidh siad a dhéanamh chun feabhsú | ○ | ○ | ○ |
| An spreagtar scoláirí chun aiseolas a thabhairt dá chéile | ○ | ○ | ○ |
| An úsáidtear teicnící measúnaithe i rith an cheachta chun cabhrú le scoláirí aiseolas a thabhairt dom ar conas atá siad ag foghlaim | ○ | ○ | ○ |
| An dtugaim am do scoláirí meabhrú ar aiseolas a fhaigheann siad uaim agus óna gcuid piaraí | ○ | ○ | ○ |
| An dtugtar seans do scoláirí feabhsúcháin a dhéanamh ar a gcuid oibre bunaithe ar aiseolas | ○ | ○ | ○ |
| An féidir mo chuid aiseolais scríofa chuig scoláirí a léamh agus a thuiscint | ○ | ○ | ○ |

# **Gníomhaíocht 4:** Aiseolas Foirmitheach

Cuir thart an chairt thíos a dhéanann coimre de na cineálacha difriúla tionchair a bhíonn ag aiseolas ar scoláirí. I bhur ngrúpaí beaga daoibh, déanaigí staidéar air sin agus ansin.

**01.** Déan plé ar an dá chineál aiseolais, agus tabhair samplaí díobh.

**02.** Cad iad na nithe praiticiúla is féidir leat a rá agus a dhéanamh mar mhúinteoir chun a chinntiú go bhfaigheann scoláirí aiseolas (lena n-áirítear aiseolas neamhbhriathartha) a chothaíonn féinmheas dearfach agus inspreagadh chun foghlama.



## Gníomhaíocht 4

# Aiseolas Foirmitheach - Cé na cineálacha aiseolais?

| **Aiseolas Breithiúnach**<br>*'Seo é mo mheas'* | **Aiseolas Foirmitheach**<br>*'Is iad seo do chuid spriocanna, seo iad na nithe a dhéanann tú go maith, agus seo an chaoi a n-éireoidh tú níos fearr'* |
|---|---|
| **Comharthaí sóirt an aiseolais seo**<br>Déanann an t-aiseolas seo comparáid idir scoláirí agus a chéile agus spreagann iad chun dul in iomaíocht.<br>Tugann an múinteoir gráid, marcanna agus tráchtanna a dhéanann comparáidí go comhfhiosach nó go neamh-chomhfhiosach le daoine eile. | **Comharthaí sóirt an aiseolais seo**<br>Tá critéir mheasúnaithe agus spriocanna soiléire ann. Tugann an t-aiseolas seo sonraí faoin méid acu sin a baineadh amach. Tá na rudaí seo tríd:<br>**Boinn:** don rud a rinne siad go maith<br>**Misin:** a thaispeánann conas feabhsú |
| **Éifeacht ar fhéinmheas**<br>Déanann an breithiúnas scoláirí neirbhíseach agus cosantach ar a bhféinmheas, Mar sin de seachnaíonn scoláirí rioscaí agus dúshláin. Tig fás ar fhéinmheas an scoláire ardghnóthachtála. | **Éifeacht ar fhéinmheas**<br>Braitheann an scoláire go bhfuil glacadh leis, go n-aithnítear a iarracht agus go bhfuil meas uirthi. Is gnách go bhfásann féinmheas agus tiomantas agus bíonn níos mó de bhaint mhothúchánach ag scoláirí le tascanna. |
| **Straitéisí foghlama dá bharr**<br>Is smearfhoghlaim is dócha a tharlóidh. Bíonn a n-umhail ar an ngrád, ní ar an tuiscint, an fhoghlaim ná an tasc. Foghlaimíonn an scoláire de ghlanmheabhair, lorgaíonn aicearraí agus cóipeálann. Bíonn an scoláire gafa i siondróm 'an fhreagra chirt'. | **Straitéisí foghlama dá bharr**<br>Is mó seans go mbeidh foghlaim dhomhain ann, í dírithe ar thuiscint agus ar fheabhsú. Tá scoláirí dírithe ar na spriocanna, na critéir mheasúnaithe, na tascanna agus a gcuid misean. Ós ón iarracht a thagann an féinmheas, agus ní ó ghnóthachtáil chomparáideach, bíonn scoláirí sásta glacadh le dúshláin agus dul sa seans. |
| **Teoiric foghlama scoláirí**<br>Teoiric na foghlama mí-oiriúnaithí agus an mhilleáin.<br>'Rud náireach é an mheancóg'.<br>'Is é an cumas an eochair agus bíonn sé leat ón mbroinn'.<br>'Ní fiú obair a dhéanamh ach amháin má bhaineann tú tairbhe éigin aisti.' | **Teoiric foghlama scoláirí**<br>Teoiric na foghlama oiriúnaithí atá saor ó mhilleán.<br>'Is í an iarracht an eochair agus tá sí sin ag brath ormsa'.<br>'Tá meancóga tairbheach mar go gcuidíonn siad liom foghlaim'.<br>'Is críoch inti féin í an fhoghlaim.' |
| **Tionchar ar íosghnóthachtálaithe**<br>Bíonn níos lú iarrachta, suime, dianseasmhachta agus féinchreidimh ann.<br>I gcásanna áirithe – 'Dímrí fhoghlamtha'.<br>'Is cuma cad é a dhéanfaidh mé teipfidh orm go cinnte'<br>Tarraingíonn an scoláire siar agus éiríonn as agus é goilliúnach, cuireann suas do mhúinteoirí agus don scoil.<br>Feictear an fhoghlaim mar rud do dhaoine eile. | **Tionchar ar íosghnóthachtálaithe**<br>Bíonn suim, iarracht, dianseasmhacht, féinmheas agus féinchreideamh níos mó ann.<br>Le haimsir: Seiftiúlacht fhoghlamtha.<br>'Ní foláir nó tá dóigh thart ar mo dheacrachtaí agus má aimsím í éireoidh liom'.<br>Braitheann an fhoghlaim ar am, iarracht, cleachtas ceartaithe agus straitéisí cearta a úsáid. |

Arna oiriúnú ó www.geoffpetty.com

# **Aiseolas Foirmitheach:** Sampla

## Aiseolas a thabhairt ar phíosa obair scríofa

Léiríonn sé sin sampla den chaoi ar féidir samhaltú a dhéanamh ar an bpróiseas do scoláirí. Úsáidtear ann modh marcála 'an aibhsithe' dá ngairtear in amanna 'Cluaisíní croí agus Glas le rith'. Is é an buntáiste atá leis an gcur chuige seo go bhfuil sé an-fhísiúil agus ligeann do scoláirí a ngnóthachtálacha agus a réimsí atá le feabhsú a aimsiú go furasta. De bhrí go mbíonn an t-aiseolas físiúil, is fusa ag scoláirí é a thabhairt chun cuimhne.

Seo píosa obair scríofa ina bhfuil intinní foghlama agus critéir ratha aitheanta. Thiocfadh leat féin píosa oibre mar an gcéanna a úsáid (ó rang eile b'fhéidir nó ó iar-rang a bhí agat) agus a iarraidh ar an rang an obair a mheas i gcuideachta a chéile.

An chéad rud a chaithfeadh scoláirí a dhéanamh is ea dhá áit a aithint inar éirigh leis an scoláire ina chuid oibre na critéir ratha a chomhlíonadh. Sa sampla seo, aibhsíodh le dath **glas** an chéad agus an tríú habairt.

Ina dhiaidh sin, chaithfeadh scoláirí gné den obair a aimsiú a bhfuil scóip inti chun feabhas a chur uirthi. Anseo rinneadh an abairt a aibhsiú le marcóir bándearg.

D'aontódh an rang ansin ar leid a mholfadh conas a d'fhéadfadh an scoláire an chuid sin dá gcuid oibre a fheabhsú.

### Intinn Foghlama:

Samhlacha a úsáid chun atmaisféar a chruthú

### Critéir Ratha

- Bain úsáid as 'amhail' nó 'mar a bheadh … ann' nó 'ar nós' chun cur síos grinn a chruthú de lá fliuch leadránach
- Roghnaigh focail agus íomhánna oiriúnacha chun na rudaí a chur i gcomparáid lena chéile
- Bain úsáid as an litriú ceart

### An Lá Liath

Chroch an lá os ár gceann mar a bheadh braillín fhliuch ann.

Rois na carranna thart ar an mótarbhealach amhail mirlíní a caitheadh trasna an urláir.

Bhí na duilleoga ar crochadh sna crainn mar a bheadh giotaí tósta spadach ann.

Bhí loinnir dhearg agus ór ar na duilleoga ar nós tine.

Bhí an talamh fliuch ar nós oighear-rinc dhubh shleamhain.

Chroch na scamaill os ár gcionn go han-íseal.

Chnag an fhearthainn ar an bhfuinneog mar a bheadh druma á bhualadh.

**An féidir smaoineamh ar shamhail chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a raibh na scamaill ar crochadh nó ag bogadh?**

# Roinnt smaointe eile

## Scoláirí a spreagadh chun machnamh conas atá siad ag dul chun cinn ina gcuid foghlama

Chomh maith le haiseolas ar an tasc, is féidir le scoláirí tairbhe a bhaint as aiseolas a fháil ar na próisis a d'úsáid siad chun an tasc a chur díobh, agus ar a gcumas chun a gcuid foghlama féin a bhainistiú. Cabhraíonn siad seo uile le scoláirí chun a gcuid scileanna meiteachognaíocha a fhorbairt agus a bheith ábalta cur lena ngnóthachtáil féin.

*Téigh go dtí Ceardlann 4: Scoláirí ag Machnamh ar a gcuid Foghlama* le haghaidh smaointe praiticiúla ar conas tacú le scoláirí machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama. Féach freisin *na hUirlisí Úsáide Príomhscileanna ar Mé Féin a Bhainistiú* ar www.juniorcycle.ie

## Cabhraíonn an t-aiseolas uaireanta leis an gcaidreamh idir scoláirí agus múinteoirí

Tá lear mór taighde ag teacht chun cinn a mhaíonn go mbíonn tionchar fíorthábhachtach ag cáilíocht an chaidrimh le múinteoirí ar shonas, leas agus féiníomhá páistí[1]. Nuair a thugtar aiseolas cuiditheach tacúil do scoláirí tugann sé sin le fios dóibh gur cás leis an múinteoir a gcuid foghlama agus go gcreideann sé gur féidir leo feabhsú. Ní rud é an measúnú a dhéanann an múinteoir orthu, ar mian leis tuisle a bhaint astu, ach is rud é a dhéantar i gcuideachta an scoláire. Cuireann an comhrá faoin bhfoghlaim an caidreamh scoláirí le múinteoirí i gcroílár lúb an aiseolais.

## Aiseolas ó phiaraí

> *"When there is one teacher and thirty students and all the feedback comes from or through the teacher, there is no hope of providing sufficient good quality feedback."*
>
> **Ian Smith** (2004)

1. *Wellbeing and School Experiences among 9- and 13-Year-Olds: Insights from the Growing Up in Ireland Study,* Dr Emer Smyth, ESRI/NCCA, 2015



Cuimhnigh gur féidir le scoláirí aiseolas luachmhar a sholáthar dá chéile freisin. Ar lá áirithe ar bith, is deacair ag múinteoir aiseolas pearsanta a thabhairt do gach scoláire. Mar sin de cén fáth nach ndéanfá iarracht scoláirí a spreagadh chun aiseolas a thabhairt dá chéile? Féach Pléchárta 3 agus an teimpléad samplach, l. 18)

## Teastaíonn aiseolas ó mhúinteoirí freisin

> *"When teachers seek, or at least are open to, feedback from students as to what students know, what they understand, where they make errors, when they have misconceptions, when they are not engaged – then teaching and learning can be synchronized and powerful. Feedback to teachers helps make learning visible."*
>
> **John Hattie,** 2009, p 173.

Úsáid bileoga machnaimh chun cabhrú le scoláirí machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama agus is féidir iad seo a oiriúnú freisin chun cabhrú le scoláirí aiseolas a thabhairt duitse ar do chuid teagaisc. Uaireanta, freisin, tugann buíonteagasc agus breathnóireacht múinteora deiseanna le haghaidh aiseolas múinteoir le múinteoir.

# Roinnt leideanna ar aiseolas a thabhairt do thuismitheoirí

Seo roinnt leideanna chun cabhrú le múinteoirí nuair a bhíonn aiseolas á thabhairt do thuismitheoirí faoi dhul chun cinn a a bpáiste.

### 01. Bíodh na tuairimí sothuigthe agat.

Is minic a bhíonn teorainn leis an spás a bhíonn ar fáil do thuairimí. Dóigh mhaith chun an tairbhe is fearr a bhaint as an spás a bhíonn ar fáil is ea dhá smaoineamh atá ceangailte a chur le chéile san abairt amháin.

m.sh. 1 *Bhí láithreoireacht Ben ar 'Na Lochlannaigh' an-fhaisnéiseach (1ú smaoineamh), agus a lán grianghraif dhea-roghnaithe óna chuairt ar Dublina ag cur léi (2ú smaoineamh).*

m.sh. 2 *Léirigh Ben roinnt sáreolais agus sárghrianghraif faoina chuairt ar Dublina (1ú smaoineamh) agus d'oibrigh sé go maith lena fhoireann chun an tasc a thabhairt chun críche (2ú smaoineamh).*

### 02. Seachain eolas neamhriachtanach.

Bí cinnte go gcuireann tú in iúl i do chuid aiseolais do thuismitheoirí na héachtaí a rinneadh agus na feabhsúcháin atá de dhíth, a bhaineann le d'ábhar.

m.sh. Ní chabhraíonn sé le tuismitheoirí a chloisteáil *'Is pléisiúr é bheith ag teagasc Rachel'* agus í ag iarraidh a fháil amach cén chaoi atá sí ag dul chun cinn sa Mhata.

### 03. Déan iarracht gan saintéarmaíocht a úsáid.

Ba chóir go mbeadh an teanga a úsáidtear i gCárta Tuairisce saor ó bhéarlagair. Cuimhnigh i gcónaí ar do lucht léitheoireachta.

m.sh. In áit *'Chomhlíon Áine na tascanna dualgais go léir agus léirigh tuiscint ghlinn ar na torthaí foghlama measta'*, thiocfadh a scríobh, *'Chríochnaigh Áine an obair uilig a bhíothas ag iarraidh uirthi a dhéanamh agus is léir go bhfuil tuiscint mhaith aici ar an topaic.'*



### 04. Tabhair measúnú don tuismitheoir ar cuireadh i gcrích.

Is mian le tuismitheoirí a fháil amach faoi na héachtaí foghlama, an feabhsúchán a theastaíonn agus na chéad chéimeanna eile atá le glacadh.

m.sh. '*Chríochnaigh Bernie tascanna uile an téarma seo*'. Níl aon mheasúnú ar conas a d'éirigh léi nó cad é a chaithfidh sí a dhéanamh ina dhiaidh sin.

### 05. Dírigh ar na bunteachtaireachtaí.

Tá sé dodhéanta tráchtanna a thabhairt ar gach réimse d'fhoghlaim scoláire. Mar sin de, tá sé inmholta go n-aithneofá na gnéithe is tábhachtaí atá le lua.

### 06. Bí discréideach agus seachain aon tuairimí tútacha.

# Piar-aiseolas

(sampla).

Dáta: / /

**D'ainmse:**

**A n-ainm siúd:**

**Teideal na hoibre**

| Critéir ratha | Conas a chomhlíon an píosa oibre seo na critéir ratha? |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

| ☆ | **Dhá shárghné** |
|---|---|
| 01 | |
| 02 | |

D'fhéadfaí é seo a fheabhsú trí:

# Nithe le cur san áireamh i gcruinniú roinn ábhair

Is féidir meabhrú ar aiseolas foirmitheach i gcomhthéacs na Féinmheastóireachta Scoile (FMS). Freisin nuair a bheidh ranna ábhair ag dul i ngleic le pleanáil ar a n-ábhar is féidir leo am a chur san áireamh chun cleachtais mheasúnaithe a aontú laistigh de ranna agus bealaí a phlé chun cleachtais aiseolas foirmitheach a thabhairt chun cinn sa teagasc agus san fhoghlaim.

D'fhéadfaí an teimpléad seo a úsáid i gcruinniú roinn ábhair.

| | |
|---|---|
| **Cad é an tuiscint atá agam/againn ar an téarma 'aiseolas foirmitheach'?** | |
| **Conas a thig liom/linn cleachtais aiseolas foirmitheach a fhorbairt sa seomra ranga/ábhar s'agam/s'againn?** | |
| **An gcomhroinnimid samplaí dea-chleachtais sa réimse ábhair seo?** | |
| **Conas is féidir linn piar-aiseolas a fhorbairt laistigh den réimse ábhair seo?** | |
| **An mbím/id ag meabhrú ar chuir chuige éagsúla i leith obair scoláirí a mharcáil?** | |

Féach: Treoirlínte le haghaidh Féinmheastóireacht Scoile d'Iar-bhunscoileanna l.44- 45.

# Na chéad chéimeanna eile againn a phleanáil

Tá súil againn gur cabhair agat an cheardlann seo chun do chuid smaointeoireachta a fhorbairt faoin gcaoi chun aiseolas éifeachtach a thabhairt do do chuid scoláirí.

Iarrtar ort anois smaoineamh ar chúpla réimse inar mhaith leat feabhas a chur ar do chleachtas maidir le haiseolas a thabhairt.

Má tá tú cleachta le marcanna nó gráid amháin a úsáid ansin is féidir go dtosóidh tú an t-athrú i do chleachtas le rang amháin ag an am. Is tábhachtach a mhíniú do scoláirí cén fáth a bhfuil tú ag bogadh i dtreo tuairimí a thabhairt in áit marcanna – agus conas a rachaidh sé sin chun sochair dá gcuid foghlama. Is féidir freisin a chur in iúl dóibh go mbeidh tú ag coimeád taifid dá marcanna i dtólamh agus go roinnfidh tú iad sin leo ó am go chéile. Chonacthas do mhúinteoirí áirithe gur cabhair é na hathruithe seo a phlé le tuismitheoirí freisin.



## Gníomhaíocht

**Agus tú ag úsáid na bileoige pleanála leis seo, leag amach cén chaoi is rún leat aiseolas foirmitheach a thabhairt chun cinn i do sheomra ranga sna chéad 3 mhí eile.**

# Na Chéad Chéimeanna Eile a Phleanáil:
## Bileog Phleanála

| Amscála/Rang | Príomhréimse atá le forbairt | Breathnuithe/Smaointe |
| --- | --- | --- |
| | | |

# Pléchártaí

Is féidir na pléchártaí a ghearradh amach agus a úsáid chun plé i mionghrúpaí a spreagadh mar chuid de chruinniú leis an bhfoireann uile nó de chruinniú pleanála ábhair.

## Pléchárta 1

### Ba chóir go mbeadh aiseolas foirmitheach éifeachtach:

- Bainte leis na hintinní foghlama
- Bainte leis na critéir ratha
- Ina fianaise ar an áit a bhfuil scoláirí faoi láthair ina a gcuid foghlama
- Ag socrú sprice le haghaidh feabhsúcháin
- Ag taispeáint conas agus cén áit is féidir feabhas a dhéanamh
- Dírithe ar ghníomh a dhéanamh

Agus na pointí sin ar intinn agat agus tú ag úsáid na samplaí de ráitis aiseolais a tugadh i nGníomhaíocht 1, déan amach roinnt ráitis aiseolais a bheadh ábhartha d'obair do scoláirí féin.

## Pléchárta 2

### Leideanna san aiseolas

Tá trí chineál leide ann a úsáidtear le haiseolas foirmitheach a chuireann feabhas chun cinn.

- Is **leid meabhrúcháin** is oiriúnaí do scoláirí cumasacha

*'Labhair níos mó faoi conas a d'imir gníomhartha an cheannaire tionchar ar imeachtaí a bhí le teacht'.*

- Déanann **leid scaflála** scafláil ar an bhfoghlaim do scoláirí a bhfuil níos mó ná cur i gcuimhne simplí ag teastáil uathu

*'Déan cur síos ar rud éigin a tharla nuair a bhuail an laibhe leáite leis an abhainn.*

- Is féidir le **leid sampla** a bheith an-éifeachtach le gach scoláire, agus go hairithe leis an scoláire ar bheagán cumais

*Tabhair sampla den chaoi a dtiocfadh seandálaí ar láithreán, mar shampla sean-léarscáileanna nó scéalta.*

Déan amach roinnt samplaí den chaoi a n-úsáidfeá féin na leideanna difriúla seo chun aiseolas a thabhairt i do réimse ábhair.

## **Pléchárta** 3

### Aiseolas piaraí

**Is féidir na cúig chéim seo a roinnt le scoláirí chun cabhrú leo aiseolas a thabhairt dá chéile**

**01.** An chéad uair a léann tú trí obair do pháirtí seachain agus ná tabhair aon tuairim. Ní mian leat do pháirtí a mhúchadh le moltaí. Is ceart duit díriú ar phríomhláidreachtaí agus laigí na hoibre, bunaithe ar na critéir ratha a d'aontaigh tú leis an múinteoir.

**02.** Má thugann tú faoi deara go bhfuil mílitriú nó meancóga sa phoncaíocht, díreach luaigh an fhadhb leo ach lig don duine féin í sin a réiteach iad féin.

**03.** Ansin déan iarracht a thaispeáint

- Cé na rudaí a rinneadh go maith
- Cén rud nár éirigh chomh maith sin leis
- Cé na bealaí, trí mholadh nó dhó, a dtiocfadh feabhas a chur ar an obair

**04.** Bíodh do thráchtanna chomh sainiúil agus is féidir ag cur i gcuimhne do do pháirtí faoi na critéir ratha

**05.** Bígí ionraic lena chéile agus mothálach freisin! Ná habair agus ná scríobh choíche rud ar bith garbh nó cáinteach a ghoillfeadh ar scoláire eile.

Agus na céimeanna sin léite agat, pléigh conas a thiocfadh leat iad a chur i bhfeidhm i do rang? An bhfuil bealaí eile ann a bhféadfá cuid scileanna do scoláirí a fhorbairt maidir le haiseolas a thabhairt dá chéile agus a fháil óna chéile? Cad iad na tairbhí a bhaineann scoláirí as aiseolas piaraí?

## **Pléchárta** 4

### Aiseolas chuig tuismitheoirí

Breathnaigh ar na leideanna chun aiseolas níos fearr a thabhairt do thuismitheoirí trí Chártaí Tuairisce ar l 17.

Aontaigh mar gheall ar roinnt samplaí de ráitis bhreátha a thiocfadh a úsáid i gcomhthéacs tuairiscithe chuig tuismitheoirí, a bhaineann le d'ábhar féin.

## **Plécharta** 5

### Níos lú den mholadh agus níos mó den spreagadh trí aiseolas?

**Is é a deir Dylan Wiliam …**

*What the research shows very clearly is that ego involving feedback is rarely effective and, in fact, can lower achievement. So where they get praise… the effects are usually or often zero and, sometimes, negative. In other words, in many cases rather than giving that kind of praise you would have been better off shutting up and giving no feedback at all! Students given that kind of praise do less well than students given no feedback at all.*

*But what the research also shows very clearly is the conditions under which feedback is successful. The research shows, for example, that when the feedback focuses on what students need to do to improve, and, in particular, how to go about it… then you get very large impacts on student achievement.*

### Pléigh

'The best teachers praise lower than average' (Dylan Wiliam). An mbeifeá ag teacht leis sin?

Cad é a tharlódh do do chleachtas féin dá dtabharfá níos lú moltaí a dhíríonn ar an scoláire í féin (leithéidí 'is scoláire iontach thú') agus níos mó spreagtha trí aiseolas ardchaighdeáin?

## **Plécharta** 6

### Ar chóir dúinn measúnú iomaíoch a sheachaint?

*'So long as pupils compare themselves with each other, those with high attainment are too little challenged and those with low attainment are demotivated.'*

*Paul Black, Testing: Friend or Foe?*

### Pléigh

Cad iad, is dóigh leat, na tionchair a bhíonn ag atmaisféar measúnú iomaíoch ina gcuireann scoláirí iad féin i gcomparáid lena chéile?

Conas is féidir cabhrú leo, trí aiseolas foirmitheach a úsáid, chun a n-aird a athdhíriú ar a ndul chun cinn féin seachas ar chomparáidí a dhéanamh le daoine eile?

# Póstaer

Tá póstaeir ar na leathanaigh seo a leanas is féidir a úsáid mar chuid de cheardlann chun na gníomhaíochtaí sa leabhrán seo a threisiú.

# Aiseolas Éifeachtach

Nuair a dhírítear sa seomra ranga ar dhuaiseanna, 'réaltaí óir'nó céimniú 'áiteanna sa rang', ansin bíonn scoláirí ag lorg bealaí chun na marcanna is fearr a aimsiú, seachas a bheith ina bhfoghlaimeoirí níos fearr. Sin nó féachann siad go díreach le 'teacht slán' agus tascanna deacra a sheachaint. Nó níos measa arís, éiríonn siad as go díreach agus 'stadann agus iad gonta'.

**Black and Wiliam,**
*Inside the Black Box*

Nuair a thugtar marcanna, leibhéil agus gráid cuirtear in iúl do scoláirí a fheabhas a d'éirigh leo (i gcoibhneas le daoine eile ina rang). Ní insíonn sé a dhath dóibh faoi na fáthanna taobh thiar den toradh sin ná conas a éireoidh siad níos fearr.

**Ian Smith,**
*Making Feedback Count, 2007*

Is é an t-aiseolas an modhnóir is cumhachtaí ar leith a chuireann le gnóthachtáil. Caithfidh gur raidhse aiseolais an t-oideas is simplí chun feabhas a chur ar an oideachas. Ní chiallaíonn sé sin a lán trialacha a úsáid agus treoracha rótheagascacha a thabhairt. Ciallaíonn sé eolas a thabhairt ar conas agus cén fáth a dtuigeann nó nach dtuigeann an scoláire, agus cé na treoracha a chaithfidh an scoláire a leanúint chun feabhsú.

**John Hattie,**
*Influences on Student Learning*

Ba chóir go ndíreodh aiseolas i dtaca le scoláire ar bith ar thréithe ar leith ina c(h)uid oibre, agus go mbeadh treoir ann ar an méid a thig leis nó léi a dhéanamh chun feabhsú, agus ba chóir nach ndéanfaí aon chomparáid le scoláirí eile.

**Black & Wiliam,**
**Inside the Black Box, 1998**

# Comharthaí sóirt Aiseolas Éifeachtach Foirmitheach …

Moltar iarracht agus teicníc seachas cumas

Aithnítear nuair a éiríonn le scoláire

Tugtar am do scoláirí chun gníomhú

Déantar an fhoghlaim níos soiléire don scoláire agus don mhúinteoir araon

Spreagtar smaointeoir -eacht

Bíonn baint idir é agus intinní foghlama agus critéir ratha

Tugtar comhairle ar an gcaoi chun feabhas a dhéanamh

# Is é a dhéanann cleachtas éifeachtach aiseolais

Léiríonn sé dea-chleachtas

Spreagann sé aiseolas ar féidir gníomhú air

Meallann sé idirghníomhaíocht

Éascaíonn sé féinmheasúnú

Soláthraíonn sé faisnéis

# **Aguisín:** Gluais

## Torthaí Foghlama

Is ráitis i sonraíochtaí curaclaim iad na torthaí foghlama chun cur síos a dhéanamh ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

## Intinní Foghlama

Is ráiteas é an intinn foghlama a chruthaíonn an múinteoir le haghaidh ceachta nó sraith de cheachtanna, a chuireann síos go soiléir cad é is mian leis an múinteoir a bheadh a fhios ag na scoláirí, a thuigfeadh siad agus a bheadh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.

## Critéir Ratha

Bíonn na critéir ratha nasctha leis na hintinní foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a fhorbraíonn iad agus déanann siad cur síos *ar an gcuma* a bheadh ar iarracht rathúil.

## Measúnú Leanúnach

Mar chuid dá gcuid oibre sa seomra ranga, tugann scoláirí faoi ghníomhaíochtaí measúnaithe ar féidir leo a bheith foirmitheach nó suimitheach ina ndéanamh. Déanann múinteoirí measúnú mar chuid dá gcleachtas laethúil trí bhreathnú agus éisteacht le linn do scoláirí a bheith i mbun tascanna, trí amharc ar an méid a scríobhann siad agus a dhéanann siad, agus trína chur san áireamh an chaoi a bhfreagraíonn siad, a gcumann siad agus a gcuireann siad ceisteanna. Úsáideann múinteoirí an t-eolas measúnaithe seo chun cabhrú le scoláirí na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama a phleanáil. Ó am go chéile, beidh an measúnú seo i suíomhanna níos struchtúrtha agus níos foirmiúla ina mbeidh ar mhúinteoirí léargas a fháil ar dhul chun cinn na scoláirí d'fhonn cinntí a dhéanamh ar phleanáil don todhchaí agus d'fhonn tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn. Seans go mbeidh ar scoláirí tionscadail, imscrúduithe, cás-staidéir agus/nó teisteanna a dhéanamh mar chuid de sin agus seans go dtitfidh sé amach ag pointí ama ar leith ar fhéilire na scoile.

## Measúnú Foirmitheach

Bíonn measúnú foirmitheach (nó múnlaitheach) nuair a úsáidtear nósanna imeachta foirmiúla nó neamhfhoirmiúla chun fianaise a bhailiú ar an bhfoghlaim le linn an phróisis fhoghlama, agus a úsáidtear é chun an teagasc a chur in oiriúint do riachtanais scoláirí. Ligeann an próiseas seo do mhúinteoirí agus do scoláirí eolas a bhailiú faoi dhul chun cinn scoláirí, agus coigeartuithe a mholadh i leith chur chuige teagaisc an mhúinteora agus cur chuige foghlama an scoláire. Clúdaíonn measúnú chun foghlama na gnéithe uile den mheasúnú foirmitheach ach go mbíonn sé dírithe go speisialta ar ról gníomhach a bheith ag an scoláire ina c(h)uid foghlama.

## Measúnú Suimitheach

Bíonn an measúnú suimitheach nuair a úsáidtear é chun luacháil a dhéanamh ar fhoghlaim scoláirí ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama áirithe. Is é an cuspóir atá leis achoimre a thabhairt ar chuid éachtaí scoláirí agus a oibriú amach cé acu agus go dtí cén pointe a léirigh scoláirí tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomórtas le critéir ratha nó gnéithe cáilíochta comhaontaithe.

## Gnéithe Cáilíochta

Is iad seo na ráitis i sonraíochtaí an ábhair a úsáidtear chun gráid ghnóthachtála a bhronnadh don teistiúchán. De bhrí go bhfuil critéir ratha nasctha go dlúth le hintinní foghlama agus bunaithe ar phróisis laethúla an tseomra ranga, de réir a chéile beidh foghlaim scoláirí ina léargas ar na riachtanais a leagtar amach sna gnéithe cáilíochta a úsáidtear le haghaidh teistiúcháin.

# Breis léitheoireachta

*Inside the Black Box: Raising Standards Through Classroom Assessment*, Paul Black agus Dylan Wiliam, Kings College, Londain, 1998

*Working inside the Black Box*, Black, Black, Harrison, Lee, Marshall agus Wiliam, 2002

Atherton J S (2013) *Learning and Teaching; What works best* [On-line: UK] a fuarthas 24 Meitheamh 2014

Hattie J. *Teachers Make a Difference – What is the research evidence?*

Measúnú: Aiseolas chun foghlaim scoláirí a chur chun cinn, Dorothy Spiller

*Assessment for Learning – Putting it into practice*, Black, Paul et al, Open University Press, 2003

*Embedded Formative Assessment,* Dylan Wiliam, Solution Tree, 2011

*Formative Assessment in Action*, Shirley Clarke, Hodder Murray, 2005

*Assessment for Learning: Mark less to achieve more*, Ian Smith, Learning Unlimited, 2003

*Assessment for Learning: Putting it into practice,* Paul Black, Christine Harrison, Clare Lee, Bethan Marshall agus Dylan Wiliam, OUP, 2003

*Working Inside the Black Box* Paul Black, Christine Harrison, Clare Lee, Bethan Marshall agus Dylan Wiliam, Kings College, Londain, 2002

*Mathematics Inside the Black Box* Jeremy Hodgen agus Dylan Wiliam, NferNelson, 2006

*English Inside the Black Box* Bethan Marshall agus Dylan Wiliam, NferNelson, 2006

*Science Inside the Black Box* NferNelson, 2006

## Suíomhanna Gréasáin úsáideacha

Uirlisí Úsáide Measúnaithe

Suíomh Gréasáin Dylan Wiliam

Association for Achievement and Improvement through Assessment

Kings College Assessment Group

**Creidiúint:** Is mian le CNCM a admháil agus buíochas a ghlacadh leis an gComhairle Churaclaim, Scrúduithe agus. Measúnachta, Tuaisceart Éireann (www.rewardinglearning.org.uk) agus le Education Scotland (www.journeytoexcellence.org.uk) as ucht ábhair a úsáid sna leabhráin seo.

Arna fhoilsiú ag an CNCM, Meán Fómhair 2015

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

35 Cearnóg Mhic Liam, Baile Átha Cliath DO2 KH36.
T: +353 1 661 7177 F: +353 1 661 7180 E: info@ncca.ie

**www.ncca.ie**